



Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2015
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, arna ndéanamh faoin Acht sin

Foirm Iarratais Pleanála

TABHAIR AN MÉID SEO A LEANAS DO D'AIRE, LE DO THOIL, SULA LÍONFAIDH TÚ ISTEACH AN FHOIRM SEO

Beidh d'iarratas neamhbhailí má mhainníonn tú an fhoirm seo a chomhlánú nó na doiciméid riachtanacha a chur ag gabháil léi, nó má thugann tú faisnéis mhícheart nó má fhágann tú faisnéis riachtanach ar lár. Dá bhrí sin, iarrtar ort deimhin a dhéanamh de go gcomhlánaítear gach roinn den iarratas seo go hiomlán agus go sínítear í, agus n/hi (ní hinfheidhme) á chur isteach más cuí sin, agus go ndéantar an fhaisnéis riachtanach ar fad a chur i gceangal le d'fhoirm iarratais.

FAISNÉIS BHREISE

Is ceart duit a thabhairt do d'aire gur gá do Chomhairle Contae Fhine Gall, ós rud é go bhfuil a phlean forbartha féin ag gach údarás pleanála ar leith ar plean é ina leagtar amach beartais agus cuspóirí forbartha dá limistéar féin, faisnéis fhorlíontach a iarraidh (i.e. seachas an fhaisnéis a iarrtar ar an bhfoirm seo) chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an t-iarratas i gcomhréir leis an bplan forbartha.

Ní bheidh d'iarratas pleanála neamhbhailí má mhainníonn tú an fhaisnéis fhorlíontach a sholáthar; d'fhéadfadh mainneachtain den sórt sin moill a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta nó d'fhéadfadh sé, de bharr na mainneachtana sin, go ndiúltofar cead a dheonú. I gcás amhrais, is ceart d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le Roinn Pleanála Chomhairle Contae Fhine Gall chun a fháil amach cé na beartais agus na cuspóirí a mbeadh feidhm acu maidir leis an bhforbairt atá beartaithe agus chun a fháil amach an bhfuil faisnéis bhreise ag teastáil.

COSAINT SONRAÍ

Próiseas oscailte poiblí is ea an próiseas pleanála. Sa chomhthéacs sin, déantar gach iarratas pleanála a chur ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal agus déanaimidne (an t-údarás pleanála) liostaí seachtainiúla de na hiarratais pleanála atá faighte, chomh maith le liostaí seachtainiúla de na cinntí pleanála, a fhoilsiú. Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin freisin.

Tá sé faighte amach againn go bhféadfadh sé tarlú, mar thoradh ar fhaisnéis áirithe maidir le hiarratais pleanála a bheith á foilsiú ag Údarás Pleanála, go ndéanfar margaíocht dhíreach de chuid na hearnála gnó a spriocdhíriú ar Iarratasóirí agus ar Chleachtóirí tar éis dóibh Iarratas Pleanála a thaisceadh.

Tar éis tuilleadh comhráite idir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Oifigeach de chuid an Choimisinéara Cosanta Sonraí, ní dhéanfar an fhaisnéis ar fad atá ann san fhoirm iarratais seo, ó "Mionsonraí Teagmhála" (ar leathanach 10) ar aghaidh, a chur ar fáil ar an láithreán gréasáin.

"D'fhéadfadh sé go mbeadh sé neamhdhleathach, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2003, mionsonraí pearsanta faoi iarratasóirí pleanála a úsáid, lena n-áirítear úsáid chun críocha margaíochta, agus d'fhéadfadh sé gurb é a leanfaidh as úsáid na mionsonraí sin ná beart de chuid an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcoinne an seoltóra, lena n-áirítear ionchúiseamh a thionscnamh."



Foirm Iarratais Pleanála

TÁ NÓTAÍ TREORACH AGUS SEICLIOSTA AR FÁIL ACH IAD A IARRAIDH AGUS TÁ SIAD AR FÁIL AR LÍNE FREISIN – NÍ MÓR GACH ROINN IOMCHUÍ A CHOMHLÁNÚ

DON OIFIG AMHÁIN	An Méid a Fuarthas: _____	An Dáta a Fuarthas: _____
Uimh. Thagartha Clárúcháin: F _____	Uimh. Admhála: _____	
Fógrán Nuachtáin: _____	Doiciméid _____	

1. Ainm an Údaráis Pleanála Iomchuí:

2. Suíomh na Forbartha atá Beartaithe:

Seoladh poist nó Baile Fearainn nó Suíomh (de réir mar is fearr chun an talamh nó an déanmhas lena mbaineann a shainaithint)	
Uimhir Thagartha Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis (agus an Tagairt Eangaí má tá a leithéid ar fáil) ¹	

3. An cineál ceada pleanála (cuir tic sa bhosca cúf le do thoil):

- Cead
 Cead Coinneála
 Cead chun Leanúint d'Úsáid
 Cead Sracléaráide
 Cead de dhroim Cead Sracléaráide a Dheonú

4. I gcás ina bhfuil cead pleanála á lorg de dhroim cead sracléaráide a dheonú:

An Uimhir Thagartha i gClár na gCeadanna Sracléaráide: _____

An Dáta ar Deonáíodh an Cead Sracléaráide: _____

Bosca 174, Áras an Chontae, Sord, Fine Gall, Co. Bhaile Átha Cliath / P.O. Box 174, County Hall, Swords, Fingal, Co. Dublin
Uimh. Theil. Oifig Shoid: An Chlárlann (01) 890 5541 Cinntí (01) 890 5670 Achomhairc (01) 890 5724 Uimh. Facs: (01) 890 6779
Ríomhphost: planning@fingal.ie www.fingal.ie

Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Átha Cliath 15 / Grove Road, Blanchardstown, Dublin 15
Uimh. Theil Oifig Bhaile Bhlainséir: (01) 870 8436 Uimh Facs: (01) 890 5832 ríomhphost: blanch.planning@fingal.ie

5. Iarratasóir²:

Ainm(neacha)	
Seoladh	An seoladh atá le soláthar ag deireadh na foirme seo (Ceist: 24)

6. I gcás inar Cuideachta an tIarratasóir (agus í cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1999):

Ainm(neacha) stiúrthóir(i) na cuideachta	
Seoladh cláraithe (na cuideachta)	
Uimh. Chláraithe na Cuideachta	

7. An Duine/Gníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an Iarratasóra (más ann):

Ainm	
Seoladh	

8. An duine atá freagrach as ullmhú Líneochtaí agus Pleananna³:

Ainm	
Gnólacht/Cuideachta	

9. Tuairisc na Forbartha atá Beartaithe:

Tuairisc ghearr ar chineál agus ar mhéid na forbartha ⁴	
--	--

10. Leas Dlíthiúil an Iarratasóra sa Talamh nó sa Déanmhas:

Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil, chun leas dlíthiúil an iarratasóra sa talamh nó sa déanmhas a thaispeáint	A. Úinéir	B. Áititheoir
	C. Eile	
I gcás leas dlíthiúil de chineál 'Eile' a bheith ann, tabhair tuilleadh mionsonraí, le do thoil, faoi do leas dlíthiúil sa talamh nó sa déanmhas		
Más rud é nach tusa an t-úinéir dlíthiúil, tabhair ainm agus seoladh an úinéara sin, le do thoil, mar aon le litir ón úinéir ina dtugtar toiliú leis an iarratas, mar atá leagtha amach sna doiciméid a ghabhann leis seo, a dhéanamh		

11. Achar an Láithreáin:

Achar an láithreáin lena mbaineann an t-iarratas, ina heicteáir:	Ha
--	----

12. I gcás ina mbaineann an t-iarratas le foirgneamh nó le foirgnimh:

Ollspás urláir ⁵ aon foirgnimh (foirgneamh) atá ann cheana féin, ina m ²	
Ollspás urláir na n-oibreacha atá beartaithe, ina m ²	
Ollspás urláir na n-oibreacha atá lena gcoinneáil, ina m ² (más cuí)	
Ollspás urláir aon oibreacha scartála, ina m ² (más cuí)	

13. I gcás forbartha measctha (e.g. de chineál cónaitheach, tráchtála, tionscail, etc), tabhair miondealú, le do thoil, ar na haicmí éagsúla forbartha, mar aon le miondealú ar ollachar urláir gach aicme forbartha ar leith:

An aicme forbartha	Ollachar urláir, ina m ²
Tráchtála	
Miondíola	
Oifig	
Eile	

14. I gcás forbartha de chineál cónaitheach, tabhair miondealú, le do thoil, ar an meascán cónaitheach:

An Líon	Stiúideo	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	5 Leaba	6 Leaba	Iomlán
Tithe								
Árasán								
An Líon spásanna páirceála gluaisteáin atá le cur ar fáil	Ar marthain faoi láthair			Beartaithe			Iomlán:	

15. I gcás ina mbaineann an t-iarratas le hathrú ábhartha ar úsáid aon talún nó déanmhais nó le coinneáil aon athraithe ábhartha úsáide den sórt sin:

An úsáid láithreach ⁶ (nó an úsáid roimhe seo i gcás ina bhfuil cead coinneála á lorg)	
An úsáid atá beartaithe (nó an úsáid a mbeartaítear í a choinneáil)	
Cineál agus méid aon úsáide beartaithe den sórt sin (nó aon úsáide a mbeartaítear í a choinneáil)	

16. Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne:

Cuir tic sa bhosca cúí le do thoil	Sea	Ní hea
An iarratas é seo ar cead i ndáil le forbairt lena mbaineann Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ⁷		
Más é “sea” an freagra ar an gceist thuas, agus nach bhfuil an fhorbairt díolmhaithe (féach thíos), ní mór duit, mar chuid den iarratas, mionsonraí a sholáthar i dtaobh conas a bheartaíonn tú alt 96 de Chuid V den Acht a chomhlíonadh, lena n-áirítear, mar shampla, na mionsonraí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> (i) mionsonraí faoi cibé cuid nó codanna den talamh arb í nó iad is ábhar don iarratas ar chead nó atá sonraithe i gcomhaontú Chuid V, nó faoi thithe atá suite ar an talamh réamhluaithe sin nó in áit eile i limistéir feidhme an údaráis pleanála agus a mbeartaítear iad a aistriú chuig an údarás pleanála, nó mionsonraí faoi thithe atá suite ar an talamh réamhluaithe sin nó in áit eile i limistéir feidhme an údaráis pleanála agus a mbeartaítear iad a léasú leis an údarás pleanála, nó mionsonraí faoi aon chumasc de na nithe sin roimhe seo, agus (ii) mionsonraí faoi na ríomhaireachtaí agus faoin modheolaíocht a úsáideach chun luachanna talún, costais láithreáin, gnáthchostais tógála agus forbartha, agus brabús ó na costais sin, agus costais ghaolmhara eile, amhail sciar cúí d'aon oibreacha comhchoiteanna forbartha atá ag teastáil i ndáil le comhlíonadh fhorálacha Chuid V den Acht, a ríomh. 		
Más é “sea” an freagra ar an gceist thuas, ach go measann tú go bhfuil an fhorbairt thuas díolmhaithe de bhua alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ⁸ (arna leasú), ní mór cóip den Deimhniú Díolúine a chur ar fáil (nó, i gcás iarratas a bheith déanta ar dheimhniú díolúine ach nach ndearnadh cinneadh i leith an iarratais sin fós, is ceart cóip den iarratas sin a chur ar fáil).		
Más rud é, de bhua alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbartha 2000 ⁹ (arna leasú), gur “ní hea” an freagra ar an gceist thuas, is ceart mionsonraí a chur ar fáil ina dtaispeántar an bonn ar dá réir a mheastar go bhfuil feidhm ag alt 96(13) maidir leis an bhforbairt.		

17. Mionsonraí faoin bhForbairt

Cuir tic sa bhosca cúí le do thoil	Tá	Níl
An bhfuil obair ar dhéanmhais cosanta agus/nó ar a chúirtealáiste nó ar dhéanmhais cosanta beartaithe agus/nó ar a chúirtealáiste i gceist leis an bhforbairt atá beartaithe?		
An bhfuil oibreacha ar an taobh amuigh de dhéanmhais atá suite laistigh de limistéir caomhantais ailtireachta (ACA) san áireamh san fhorbairt?		
An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt a dhéanann difear, nó atá gar, do shéadchomhartha nó d'áit atá taifeadta faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994 ¹⁰ ?		
An bhfuil baint ag an iarratas le hobair laistigh de Láithreán Eorpach (faoi I.R. 94 de 1997), nó gar do láithreán den sórt sin, nó laistigh de Limistéir Oidhreachta Nádúrtha nó gar do limistéir den sórt sin?		

An bhfuil ullmhú Ráitis Tionchair Timpeallachta ¹¹ ag teastáil i ndáil leis an bhforbairt atá beartaithe?		
An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt arb éard í, nó arb é is cuspóir di ná, gníomhaíocht a bhfuil ceadúnas um chosc agus rialú comhtháite ar thruailliú ag teastáil ina leith?		
An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt arb éard í, nó arb é is cuspóir di ná, gníomhaíocht a bhfuil ceadúnas dramhaíola ag teastáil ina leith?		
An bhfuil feidhm ag na Rialacháin um Mórthionóiscí maidir leis an bhforbairt atá beartaithe?		
An bhfuil baint ag an iarratas le forbairt laistigh de Chrios Forbartha Straitéisí?		
An bhfuil scartáil aon déanmhais ann mar chuid den fhorbairt atá beartaithe?		

18. Stair an Láithreáin:

Mionsonraí faoi stair an láithreáin (más eol sin):
<p>A mhéid is eol duit, ar tharla tuiliú riamh sa láithreán lena mbaineann?</p> <p>Tharla [] Níor tharla []</p> <p>Má tharla, tabhair mionsonraí le do thoil e.g. an bhliain, méid an tuilithe.</p> <p>An bhfuil eolas agat faoi úsáidí a baineadh as an láithreán roimhe seo e.g. dumpáil nó cairéalú?</p> <p>Tá [] Níl []</p> <p>Má tá, tabhair mionsonraí le do thoil.</p>
An bhfuil eolas agat faoi aon iarratas bailí planála a rinneadh roimhe seo i leith na talún/an déanmhais seo?
<p>Tá [] Níl []</p> <p>Má tá, luaigh an uimhir thagartha (na huimhreacha tagartha) planála agus an dáta (na dátaí) a fuair an t-údarás planála an t-iarratas (na hiarratais), más eol duit an méid sin:</p> <p>Uimh. Thagartha: _____ Dáta: _____</p> <p>Más rud é go ndearnadh iarratas planála i leith na talún nó an déanmhais seo laistigh den tréimhse 6 mhí roimh thaisceadh an iarratais seo, ansin ní mór an fógra láithreáin a thaispeáint ar chúlra buí de réir Airteagal 19(4) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2006 (arna leasú).</p>
An bhfuil láithreán an togra faoi réir achomhairc faoi láthair chuig An Bord Pleanála i leith forbartha den tsamhail chéanna¹³?
<p>Tá [] Níl []</p> <p>_____</p> <p>Uimh. Thagartha an Bhoird Pleanála:</p>

19. Comhairliúchán Réamharratais:

Ar tharla comhairliúchán réamharratais i ndáil leis an bhforbairt atá beartaithe¹⁴?

Tharla [] Níor tharla []

Má tharla, tabhair mionsonraí le do thoil.

Uimh. Thagartha (más ann): _____

Dáta(i) an chomhairliúcháin: ___ / ___ / ___

Na daoine a bhí páirteach sa chomhairliúchán:

20. Seirbhísí:

An fhoinse atá beartaithe don Soláthar Uisce

Ceangal atá ann cheana féin []

Ceangal nua []

Príomhphíopaí Poiblí []

Grúpscéim Uisce []

Tobar Príobháideach []

Eile (sonraigh le do thoil)

Ainm na Grúpscéime Uisce (más infheidhme)

Bainistíocht/Cóireáil Dramhuisce mar atá beartaithe

Córas atá ann cheana féin [] Córas Nua []

Séarach Poiblí []

Gnáthchóras umair múnlaigh []

Córas eile cóireála ar an láithreán [] Sonraigh le do thoil

Diúscairt Uisce Dromchla mar atá beartaithe

Séarach Poiblí/Draein Phoiblí [] Sloc Súite []

Sruthchúrsa []

Eile [] Sonraigh le do thoil

21. Mionsonraí faoin bhFógra Poiblí:

Nuachtáin cheadaithe ¹⁵ inar foilsíodh an fógra	
An Dáta Foilsithe:	
An dáta ar cuireadh an fógra láithreáin in airde	

22. Táille Iarratais:

Táille is iníoctha				
Bonn Ríomhaireachta				
Modh Íocaíochta	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
	Airgead Tirim	Cárta Dochair/ Creidmheasa	Seic	EFT*

*Is ceart "Tráchttaireacht" a bheith ann mar chuid de EFT i.e. seoladh an láithreáin lena mbaineann an t-iarratas, lena chinntiú go bhfuil an táille teoranta don iarratas áirithe seo.

23. Ábhar a chur in iúl duit:

An féidir gach comhfhreagras a chur chugat le ríomhphost? (Ar leith ó aon Fhógra Deiridh maidir le deonú ceada, rud a eiseofar leis an bpost.)
Is féidir [] Ní féidir []

24. Dearbhú:

Dearbhaím leis seo, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhoirm seo ceart agus cruinn agus go gcomhlíonann sí go hiomlán an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin.

(Féach na Mionsonraí Teagmhála, Leathanach 9)

Síniú	
(Iarratasóir nó Gníomhaire, de réir mar is cuí)	
Dáta	

Ní bheidh Iarratasóir i dteideal an fhorbairt a chur i gcrích de bharr cead pleanála a bheith aige/aici agus dá bharr sin amháin. D'fhéadfadh sé go mbeidh ar an Iarratasóir toillithe eile a bheith aige/aici, agus sin ag brath ar an gcineál forbartha. Mar shampla, ní mór go mbeidh gach foirgneamh nua agus gach méadú agus athrú ar fhoirgnimh atá ann cheana, agus athruithe úsáide áirithe i gcás na bhfoirgneamh sin, i gcomhréir leis na rialacháin foirgníochta ina leagtar amach na buncheanglais maidir le dearadh agus tógáil.

Nóta: Maidir le Cead Pleanála do theaghais i gCeantar Tuaithe, ní mór iarratas forlíontach ina leith a chur ag gabháil leis an bhfoirm seo agus tá an fhoirm iarratais sin ar fáil ach í a iarraidh.

MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA

- ní dhéanfar an t-ábhar seo a fhoilsiú -

(Clóscríobh na Mionsonraí Teagmhála ar Leathanach ar Leithligh, le do thoil)

25. Seoladh/mionsonraí teagmhála an iarratasóra (murab ionann agus suíomh na forbartha atá beartaithe)

Seoladh:	
Seoladh Ríomhphoist:	
Uimh. Theileafóin: (roghnach)	

26. An ceart gach comhfhreagras a chur chuig an nGníomhaire, más infheidhme? (Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil)

<p>Is ceart [] Ní ceart []</p> <p>(Tabhair do d'aire, le do thoil, go ndéanfar gach comhfhreagras a chur chuig seoladh an iarratasóra, mar atá luaite i gceisteanna Uimh. 25 nó 2 thuas, más é "Ní ceart" an freagra ar an gceist thuas.</p>
--

Ní mór seoladh teagmhála a thabhairt, cibé acu seoladh an iarratasóra nó seoladh an Gníomhaire atá i gceist.

Faisnéis Teagmhála

Déanfar an seoladh a thugtar mar fhreagra ar cheist 25 a choinneáil ach, de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Arna Leasú) agus na rialachán gaolmhar, ní chuirfear ar fáil é lena iniúchadh/cheannach ag an bpobal. Coinneofar é ar feadh tréimhse 7 mbliana dar tús an dáta a ndéantar an cinneadh. Féadfar an fhaisnéis teagmhála a dhíothú ag deireadh an phróisis iarratais agus i gcás nach ndéantar aon achomharc chuig an mBord Pleanála.

Faisnéis Bhreise Teagmhála

Is ar bhonn saorálach a thugtar faisnéis bhreise teagmhála, amhail seoltaí ríomhphoist nó uimhreacha teileafóin, agus ní úsáidfidh an tÚdarás Pleanála í chun dul i dteagmháil leat ach amháin má mheastar gur gá sin chun an t-iarratas a riaradh. Ní chuirfear na mionsonraí sin ar fáil d'aon tríú páirtí seachas An Bord Pleanála i gcás ina ndéantar achomharc agus, sa chás sin freisin, ní úsáidfidh An Bord Pleanála í ach amháin chun an t-achomharc a riaradh.

Uimhir Theileafóin:	
Seoladh Ríomhphoist:	
Baineann na mionsonraí thuas leis an duine seo a leanas:	
An tIarratasóir []	An Gníomhaire []

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé neamhdhleathach, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2003, mionsonraí pearsanta faoi iarratasóirí pleanála a úsáid, lena n-áirítear úsáid chun críocha margalochta, agus d'fhéadfadh sé gurb é a leanfaidh as úsáid na mionsonraí sin ná beart de chuid an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcoinne an Seoltóra, lena n-áirítear ionchúiseamh a thionscnamh.

Treoracha maidir le comhlánú na foirme seo

1. Tagairt eangaí i dtéarmaí Thrasteilgean Mercator na hÉireann.
2. Ciallaíonn “an t-iarratasóir” an duine a bhfuil an cead pleanála á lorg aige/aici, agus ní hé/hí an gníomhaire atá ag gníomhú thar a cheann/ceann atá i gceist.
3. I gcás ina ndearna gnólacht/cuideachta na pleananna a tharraingt suas, is ceart ainm an duine ar a bhfuil an bhunfhreagracht as ullmhú na líníochtaí agus na bpleananna, thar ceann an ghnóilachta/na cuideachta sin, a thabhairt.
4. Tuairisc ghearr ar chineál agus ar mhéid na forbartha, lena n-áirítear tagairt do líon agus d'airde na bhfoirgneamh, na ndéanamhas cosanta, etc.
5. Ciallaíonn ollspás urláir an t-achar arna thomhas de réir thoisí inmheánacha an spáis urláir ar gach urlár ar leith d'fhoirgneamh, is é sin le rá, ní mór achair urláir a thomhas ón taobh istigh den bhalla seachtrach
6. I gcás “nach bhfuil an talamh nó an déanamhas láithreach á húsáid/úsáid faoi láthair”, luaigh an úsáid údaraithe is déanaí a baineadh as an talamh nó as an déanamhas.
7. Tá feidhm ag Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) más rud é –
 - go bhfuil an talamh criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe, nó le haghaidh meascáin d'úsáidí cónaithe agus d'úsáidí eile;
 - go bhfuil cuspóir ann sa Phlean Forbartha don cheantar maidir le céatadán den talamh a chur ar fáil i gcomhair tithíochta sóisialta agus/nó inacmhainne; agus
 - nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe díolmhaite ó Chuid V.
8. Faoi alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), d'fhéadfadh sé go mbeidh iarratais a bhaineann le forbairt 9 dteach nó níos lú nó forbairt ar thalamh ar lú ná 0.1 heicteár a hachar díolmhaite ó Chuid V.
9. Faoi alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), níl feidhm ag Cuid V maidir le forbairtí tithíochta áirithe ag comhlachtaí tithíochta saorálacha ceadaithe, maidir le hathchóirithe áirithe, maidir le hoibreacha a dhéanamh ar theach atá ann cheana féin ná maidir le forbairt tí faoi chomhaontú arna dhéanamh faoi alt 96 den Acht.
10. Tá Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna, a choimeádtar faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994, ar fáil, i ndáil le gach contae ar leith, sna húdarais áitiúla agus sna leabharlanna poiblí atá ann sa chontae lena mbaineann. Tabhair do d'aire freisin, le do thoil, nach mór, i gcás ina ndéanann an fhorbairt atá beartaithe difear, nó ina bhfuil sí gar, do shéadchomhartha náisiúnta arb amhlaidh ina leith, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004, go bhfuil sé faoi úinéireacht ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó ag údarás áitiúil nó go bhfuil sé ina ábhar d'ordú buanchoimeáda nó d'ordú buanchoimeáda sealadach, toiliú reachtúil ar leithligh a fháil, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Chun faisnéis a fháil i dtaobh an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó ag údarás áitiúil, nó an bhfuil siad ina n-ábhar d'orduithe buanchoimeáda, déan teagmháil leis an Rannóg Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
11. Is gá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) a chur ag gabháil le hiarratas pleanála i ndáil le forbairt de chuid aicme atá leagtha amach i Sceideal 5 a ghabhann leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2013 ar forbairt í a sháraíonn teorainn, cainníocht nó tairseach atá socraithe don aicme sin forbartha. Beidh EIS ag teastáil ón Údarás Pleanála freisin i leith forbartha fothairsí i gcás ina measann an t-údarás gur dóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar an gcomhshaoil (airteagal 103).
12. Tá gá le measúnacht chuí ar fhorbairt atá beartaithe i gcásanna nach féidir a rá nach mbeadh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt atá beartaithe ar láithreán Eorpach. Is é an tÚdarás Pleanála atá freagrach as forbairtí atá beartaithe a scagadh lena chinneadh an bhfuil gá le measúnacht chuí agus, i gcás ina gcinneann an t-údarás go bhfuil gá le measúnacht chuí, ceanglóidh an t-údarás ar an iarratasóir, de ghnáth, ráiteas tionchair Natura (NIS) a chur ar fáil. I gcás ina measann an t-iarratasóir gur dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt atá beartaithe ar láithreán Eorpach, is féidir leis/léi NIS a chur ar fáil in éineacht leis an iarratas pleanála.
13. Ní mór an t-achomharc a chinneadh nó a tharraingt siar sular féidir iarratas eile, nó iarratas den tsamhail chéanna, a dhéanamh.
14. Ní féidir comhairliúchán réamhiarratais foirmiúil a bheith ann ach amháin faoi Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Is ceart d'iarratasóir teagmháil a dhéanamh lena údarás/húdarás pleanála más mian leis/léi leas a bhaint as comhairliúchán réamhiarratais. I gcás forbartha cónaithe lena mbaineann Cuid V d'Acht 2000 (Arna Leasú), moltar d'iarratasóirí leas a bhaint as an tsaoráid chomhairliúcháin réamhiarratais lena chinntiú gur féidir teacht ar chomhaontú Chuid V i bprionsabal sula ndéantar an t-iarratas pleanála a thíolacadh.
15. Tá an liosta nuachtán ceadaithe, ar mhaithe le fógra a thabhairt á rá go mbeartaítear iarratas pleanála a dhéanamh, ar fáil ón údarás pleanála a mbeidh an t-iarratas á chur faoina bhráid.
16. Is ceart gach plean, líníocht agus léarscáil a chuirtear faoi bhráid an údarais pleanála a bheith i gcomhréir le ceanglais na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001-2005.
17. Is ceart suíomh an fhógra (na bhfógraí) láithreáin a thaispeáint ar an léarscáil de shuíomh an láithreáin.
18. Féach Sceideal 9 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Má thairgtear táille laghdaithe, is ceart mionsonraí a thabhairt faoi íocaíochtaí iomchuí roimhe sin agus faoi cheadanna pleanála iomchuí roimhe sin. Má tá díolúine ó íoc na dtáillí á héileamh faoi Airteagal 157 de Rialachán 2001, is ceart fianaise a chur ar fáil chun cáilitheacht i leith díolúine a chruthú.

Is ceart na doiciméid seo a leanas a chur a bheith in éineacht leis an bhfoirm seo:

Tabhair do d'aire, le do thoil, go measfar go bhfuil d'iarratas neamhbhailí más rud é nach gcuirtear na doiciméid chuí ar fáil.

GACH Iarratas Pleanála

An leathanach iomchuí den nuachtán ina bhfuil fógra faoi d'iarratas.

- Cóip den fhógra láithreáin
- 6 chóip den léarscáil de shuíomh an láithreáin¹⁶
- 6 chóip de phlean an láithreáin nó an leagain amach¹⁶⁺¹⁷
- 6 chóip de na pleananna agus de na sonraí eile is gá chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha lena mbaineann an fhorbairt (lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe de phleananna urláir, d'ingearchlónna agus de theascáin – ach amháin i gcás ceada sracléaráide)
- 10 gcóip i gcás ina bhfuil E.I.S (Ráiteas Tionchair Timpeallachta) ag gabháil leis an iarratas.
- 10 cóip i gcás ina léirítear iarratas oibreacha a dhéanamh ar Struchtúr Cosanta / Struchtúr Molta faoi Chosaint
- An Táille Pleanála chuí

I gcás nach é/í an t-iarratasóir úinéir dlíthiúil na talún nó an déanmhais lena mbaineann:

- Toiliú i scríbhinn ón úinéir maidir leis an t-iarratas a dhéanamh

I gcás ina mbaineann an t-iarratas le forbairt chónaitheach a thagann faoi réir Chuid V d'Acht 2000 (arna leasú):

- Sonraíocht maidir leis an modh ina mbeartaítear Alt 96 de Chuid V a chomhlíonadh

Nó

- Deimhniú díolúine ó cheanglais Chuid V

Nó

- Cóip den iarratas atá tíolachta i ndáil le deimhniú díolúine.

I gcás ina mbaineann an t-iarratas le forbairt chónaitheach nach dtagann faoi réir Chuid V d'Acht 2000 (arna leasú), de bhua alt 96(13) den Acht:

- Faisnéis ina leagtar amach an bonn ar dá réir a mheastar go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbairt.

I gcás ina bhfuiltear chun dramhuisce a dhiúscairt ón bhforbairt atá beartaithe ar bhealach seachas isteach i séarach poiblí:

- Faisnéis faoin gcóras cóireála ar an láithreán agus faisnéis maidir le hoiriúnacht an láithreáin don chóras atá beartaithe.

I gcás ina mbaineann an t-iarratas le déanmhas cosanta/le déanmhas cosanta beartaithe/nó leis an taobh amuigh de dhéanmhas atá suite laistigh de limistéar caomhantais ailtireachta (ACA):

- Grianghraif, pleananna agus mionsonraí eile de réir mar is gá chun a thaispeáint conas a dhéanfaidh an fhorbairt difear do shainghné an déanmhais.

Iarratais a bhaineann le hathrú ábhartha ar úsáid nó le coinneáil an athraithe ábhartha sin ar úsáid:

- Pleananna (lena n-áirítear plean de leagan amach an láithreáin agus líníochtaí de na pleananna urláir, de na hingearchlónna agus de na teascáin, ar pleananna iad a chomhlíonann ceanglais Airteagal 23) agus sonraí eile a bhfuil gá leo chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha atá beartaithe.

I gcás ina bhfuil gá le Ráiteas Tionchair Timpeallachta i ndáil leis an iarratas:

- Ráiteas Tionchair Timpeallachta

Iarratais atá díolmhaithe ó tháillí pleanála:

- Cruthúnas ar cháilitheacht i leith díolúine¹⁸